Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9628/26**

**FISC 194**
**ECOFIN 666**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Cipire<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 12 Meitheamh 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a d’fhormheas an Chomhairle ag an 4181ú cruinniú a bhí aici, an 12 Meitheamh 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**
**le linn Uachtaránacht na Cipire**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo:

1. AITHNÍONN SÍ tionchar dearfach an Chóid Iompair agus iarrachtaí na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a mhaolú, lena rannchuidítear le córais chánach fhabhracha a laghdú san Aontas agus ar fud an domhain;

2. DEARBHAÍONN SÍ GUR MÓR AICI iarrachtaí na Meithle maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chód Iompair (Cánachas Gnó) a chur chun cinn agus MOLANN SÍ don Mheitheal leanúint dá cuid oibre luachmhaire;

3. FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 9626/26;

4. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar éifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta, den rolladh siar a chur chun feidhme agus d’fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair;

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair san athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Feabhra 2026; MOLANN SÍ don Mheitheal idirphlé éifeachtach a choinneáil ar bun leis na dlínsí, agus leanúint d’fhaireachán agus scagadh a dhéanamh chun tacú lena gcomhlíontacht le critéir liostaithe an Aontais agus le comhlíonadh na ngealltanas laistigh den sprioc-am a comhaontaíodh;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag dlínsí faoi raon feidhme chritéar 2.1 chun a gcórais maidir le díolúine ioncaim foinse eachtraí a athchóiriú; AITHNÍONN SÍ faireachán leanúnach na Meithle ar dhlínsí cánach nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin ainmniúil chun ceanglais maidir le substaintí eacnamaíocha a chur chun feidhme go héifeachtach do chuideachtaí agus d’eintitis eile a thagann faoi raon feidhme chritéar 2.2 agus LEAGANN SÍ BÉIM ar fhaireachán leanúnach an Ghrúpa ar dhlínsí ábhartha a bhí díolmhaithe roimhe seo ó chritéar 3.2;

7. MOLANN SÍ obair leanúnach na Meithle maidir le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart cosanta i leith dlínsí a liostaítear;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil agus leanúint de na hiarrachtaí chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta;

9. IARANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar na táscairí iomchuí roghnúcháin le haghaidh modhnuithe a dhéanfar amach anseo ar raon feidhme geografach liosta an Aontais;

10. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na hÉireann.